

# COLÁISTE NAOMH FEICHÍN, CORR NA MÓNA

## ***POLASÁI TEAGMHAS CRITICIÚIL*** (Athbhreathnithe)

### **Sainmhíniú**

Aithníonn Coláiste Naomh Feichín teagmhas criticiúil mar “eachtra nó sraith imeachtaí a thagann sa mullach ar ghnáth chóipeáil meicníochta na scoile agus a chuireann isteach ar ghnáth imeachtaí scoile”.

Is féidir le scoláirí, foireann an Choláiste, pobal an Choláiste nó pobal an cheantair a bheith bainteach le eachtra chriticiúil.

### **Ceangail le Misiún an Choláiste**

Tá ceangal bunúsach ag an bPolasáí Eachtra Chriticiúil le misiún an Choláiste, ina ndéantar “gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt acadúil, shóisialta agus cultúrtha na scoláirí”.

### **Smaointeoireacht**

Tá sé d’aidhm ag Coláiste Naomh Feichín sábháilteacht fisiciúil agus siceolaíochta foireann agus scoláirí na scoile a chinntiú agus iad i mbun oibre, agus go h-áirithe i rith eachtra chriticiúil.

### **Samplaí de Teagmhas Criticiúla:**

- Bás do bhall phobal an Choláiste – bás tobann, timpiste, féin-mharú nó tinneas teirminéil
- Droch thimpiste nó tragóid ag baint le pobal an Choláiste
- Damáiste tromchúiseach don Choláiste, de bharr tine, tuile, rifineacht, &rl.
- Ball do phobal an Choláiste éalaithe ón scoil
- Ionsaí fisiciúil ar bhall d’fhoireann nó scoláire an Choláiste
- Cur isteach ar an gColáiste
- Bás do bhall clainne as pobal an Choláiste

Is féidir cur leis an liosta seo.

## **Aidhm an Phlean**

Tá sé d'aidhm ag an bPlean cuidiú le foireann agus bainistíocht an Choláiste gníomhú go tapaidh agus go h-éifeachtúil le smacht a choinneáil ar an gcás idir lámha agus an Coláiste a choinneáil ag feidhmiú chomh normálta agus is féidir nuair a thárlaíonn eachtra chriticiúil.

Cuideoidh an Plean chomh maith leis an gColáiste filleadh ar ghnáthstaid chomh luath agus is féidir agus laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an eachtra ar fhoireann agus scoláirí an Choláiste.

## **Foireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil**

Seo a leanas an Fhoireann Bainistíochta:

- An Príomhoide
- An Príomhoide Tánaisteach
- An Príomhoide Cúnta
- Múinteoirí Poist Dualgais
- Oifigeach Sábháileacht

Is féidir leis an bhFoireann Bainistíochta baill eile d'fhoireann an Choláiste a chomhthogha le cúnaimh a thabhairt de réir mar atá gá leis.

## **Bainisteoir Fóirne**

Gníomhóidh an Príomhoide mar Bhainisteoir Fóirne, nó an Príomhoide Tánaisteach muna mbíonn sí/sé i láthair.

Beidh ar an mBainisteoir Fóirne

- Baill na Fóirne Bainistíochta a chur ar an eolas faoi thubaist agus cruinniú a thionól
- Comhordnú foirne agus dualgais a roinnt amach ar na baill
- Teagmháil a dhéanamh le Príomhoifigeach Feidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin, Cathaoirleach Bord Bainistíochta an Choláiste, agus le Coimisiún na Scrúduithe Stáit má thárlaíonn eachtra le linn aimsir scrúduithe.
- Teagmháil a dhéanamh le clann an té atá gortaithe nó básaithe
- Ráiteas a réiteach agus plé a dhéanamh leis na meáin, más gá
- Laghdú tionchar an eachtra ar oibre an Choláiste, chomh fada agus is féidir

Is féidir leis an mBainisteoir Fóirne na dualgais seo a leanas a roinnt ar bhaill eile na fóirne:

- ◆ Teagmháil a dhéanamh leis na Seirbhísi Éigeandála
- ◆ An fhoireann scoile a chur ar an eolas agus iad a chomhairliú, ag tógáil a gcuid inní agus móthúchain san áireamh
- ◆ Feitheoireacht ar scoláirí an Choláiste a eagrú
- ◆ Foireann an Choláiste a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí/dul chun cinn
- ◆ Scoláirí a chur ar an eolas faoi imeachtaí
- ◆ Aire ar leith a thabhairt do scoláirí/múinteoirí leochaileach
- ◆ Teagmháil a dhéanamh le eagraíochtaí seachtracha tacaíochta agus coinnithe a eagrú nuair is gá
- ◆ Teagmháil a dhéanamh le eagraíochtaí scoile, mar shampla Coiste Tuismitheoirí agus Comhairle na nDaltaí
- ◆ Cruinnithe le tuismitheoirí aonair nó grúpa tuismitheoirí
- ◆ Cuairteanna ar an clann an té atá básaithe nó an clann atá bainteach leis an eachtra
- ◆ “Seomra Eachtra” a réiteach

### **Taifead**

Ní mór do gach ball don Fhoireann Bainistíochta cuntas scríofa a choinneáil ar ghlaochanna teileafóin, litreacha, chruinnithe, idirghabháil, &rl.

### **Rúndacht**

Tuigeann bainistíocht an Choláiste a ndualgas maidir le príobháideacht agus deá-chleachtas agus beidh sé/sí san airdeall ar sin agus ráiteas poiblí á dhéanamh.

Chun meas agus rúndacht a léiriú, tá sé fíor-thábhachtach go dtuigfidh gach ball de phobal an Choláiste (scoláirí, múinteoirí agus baill eile d'fhoireann an Choláiste) nach bhfuil cead acu eolas faoi aon eachtra chriticiúil a thárla a luath ar aon shuíomh sóisialta na sna meáin ar chor ar bith.

Tá an Príomhoide mar bhainisteoir fóirne agus is é/í atá freagrach cumarsáid a dhéanamh le duine/daoine atá ceangailte go díreach nó go hindíreach le heachtra chriticiúil.

### **Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí seo gach trí bliana nó níos luaithe más gá.

